# No. 8149

## IRELAND
## and
## SWITZERLAND

## Exchange of notes constituting a trade agreement. Bern, 26 December 1951

*Official texts: Irish and English.*

*Registered by Ireland on 1 March 1966.*

## IRLANDE
## et
## SUISSE

## Échange de notes constituant un accord commercial. Berne, 26 décembre 1951

*Textes officiels irlandais et anglais.*

*Enregistré par l'Irlande le 1er mars 1966.*

# No. 8149. EXCHANGE OF NOTES CONSTITUTING A TRADE AGREEMENT[1] BETWEEN THE GOVERNMENT OF IRELAND AND THE GOVERNMENT OF SWITZERLAND. BERN, 26 DECEMBER 1951

I

[IRISH TEXT — TEXTE IRLANDAIS]

*Ó Aire na hÉireann ag Berne chun Toscaire Chomhairle Chónaidhm na hElibhéise um Chomhaontuithe Tráchtála*

LEAGÁIDEACHT NA hÉIREANN

Berne, 26adh Nollaig, 1951

A dhuine uasail,

Tá sé d'onóir agam tagairt do na cainteanna a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath ón 29ú Deireadh Fómhair go dtí an 2ú Samhain idir Toscaireacht Éireannach agus Toscaireacht Eilbhéiseach i dtaobh cúrsaí trádála idir Éire agus an Eilbhéis agus a dheimhniú go dtángthas, i gcúrsa na gcainteanna sin, ar chomhaontú maidir leis na pointí seo a leanas :

1. Is é miantoil Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hEilbhéise, do réir bhrí agus éirime an Choinbhinsiúin um Chomhar Eacnamaíochta san Eoraip, cómalairtiú cearraí agus seirbhísí d'fhorbairt agus, go háirithe, malairtiú earraí a bhfuil tábhacht leo ó thaobh eacnamachta a dtíortha faoi seach a chothú.

2. Leis an intinn sin, gabhann Rialtas na hÉireann orthu féin gach saoráid réasúnach a thabhairt chun táirgí de bhunadh Eilbhéiseach nach bhfuil comhscaoilte a ligint isteach in Éirinn agus, go sonrach, breithneoid go fábharach iarratais chun earraí a ligint isteach a gcuireann Rialtas na hÉilbhéise tábhacht ar leith le na n-onnmhuiriú.

3. Gabhann Rialtas na hEilbhéise orthu féin gach saoráid réasúnach a thabhairt chun táirgí de bhunadh Éireannach nach bhfuil comhscaoilte a ligint isteach san Eilbhéis agus, go sonrach, breithneoid go fábharach iarratais chun earraí a ligint isteach a gcuireann Rialtas na hÉireann tábhacht ar leith le na n-onnmhuiriú.

4. Gabhann gach Rialtas acu orthu féin féachaint le soilíos a dhéanamh dá chéile maidir le deonadh gach saoráide is gá chun earraí agus ábhair a sholáthar atá riachtanach chun críocha a n-eacnamachta faoi seach.

5. Chun cabhrú le hoibriú an Chomhaontuithe seo, tá an dá Rialtas tar éis eolas a mhalairtiú i dtaobh na dtáirgí dá dtagartar i míreanna 2, 3 agus 4 agus cuirfid in iúl dá chéile aon nithe eile is mian leo d'áireamh sa trádáil idir an dá thír.

[1] Came into force on 26 December 1951 by the exchange of the said notes.